

NUACHTLITIR NA SEACHTAINE  
05-09-2017

CÉAD MÍLE FÁILTE!

Tá fearradh na fáilte romhaibh ar fad ar ais don scoilbhliain nua seo. Táim cinnte de go mbeidh bliain iontach againn faoi mar a bhíonn gach aon bhliain i nGaelscoil na Camóige. Tá súil agam go raibh samhradh maith ag gach duine agus go bhfuilimid ar fad réidh le bliain úr thaitneamhach thairbhreach a bheith againn. Cuirim fáilte ar leith roimh na naíonáin nua i Rang an Mhúinteora Eimear agus Rang an Mhúinteora Donncha. Táimid ag súil go mór le bliain álainn agus ghníomhach a bheith againn.

*A hearty welcome back to one and all. I hope that everyone had a great summer and that we are all well rested and ready for an enjoyable and fruitful new school year. A special welcome to our new Junior Infants who began the school journey this week in Múinteoir Eimear's class and in Múinteoir Donncha's class. I am sure that we will have a wonderful, exciting year in Gaelscoil na Camóige.*

Tá fíor-bhrón orm a rá go bhfuil Éilís, rúnaí na scoile, tar éis an cinneadh dian a dhéanamh thar an samhradh, gan a conradh linn a athnuachan. D'oibrigh Éilís linn ar feadh 18 mbliain. Bhí ionchur mór aici i gcúrsaí scoile ón mbliain 1999, agus chuir sí fáilte roimh thuistí agus páistí chuile bliain, thar na blianta. Ba í Éilís an chéad duine a chonaic na tuistí gach maidin, le ceist a fhreagairt, comhairle a thabhairt nó díreach le héisteacht. Thug sí aire do na tuismitheoirí, na páistí agus an fhoireann scoile gach lá. Is minic a bhí páiste ina suí san oifig i ndiaidh timpiste, le bindealán ar a ghlúin, líreacán ina bhéal agus Éilís ann chun iad a chur ar a shuaimhneas. Stiúraigh sí cúrsaí na hoifige go héifeachtúil, d'eagraigh sí gach rud don Chéad Chomaoineach agus thug sí aire do na Naíonáin ar an lá a raibh instealladh le fáil. Is iad seo díreach cuid de dhualgaisí Éilís a gcuimhneoidh daoine orthu. Guímid gach rath ar Éilís san am atá amach romhainn agus ar son an Bord Bainistíochta guímid ár mbuíochas leí as gach a rinne sí ar son Ghaelscoil na Camóige

*I am saddened to say that Éilís, our school secretary of many years, has made the difficult decision over the summer, not to renew her contract with us this year. Éilís has worked as school secretary with us for 18 years, and is a huge loss to the school. Her input in the running of the school, from the year 1999, is vast and she welcomed so many parents and children into the school every year, over the years. For parents, Éilís was the first person they would see in the morning, whether it be with a simple query, a worry, a question or asking her advice. She looked after the parents, the children and the staff every day. There would often be a child in her office, recovering from a fall on the yard, with a plaster on their knee, a lollipop and Éilís there to reassure them. Her efficient running of the office, organisation of the Holy Communion and care of the Junior Infants when the day of injections arrived, are just some of her duties that she will be remembered for. We wish Éilís the very best for the*

*future and on behalf of the Board of Management, wish to thank her for all her years she spent in Gaelscoil na Camóige.*



Tá sé riachtanach go mbeidh gach leabhar scoile ag gach páiste, iad clúdaithe agus le lipéid orthu don tseachtain seo. *It is essential that every child has all of its schoolbooks, covered and labeled this week.*

Tá fadhb leis an linn snámha faraor géar, agus táimid ag fanacht ar scéal maidir leis na gceachtanna snámha. Beidh tús leo chomh luath is féidir. *Unfortunately, there is a problem with the swimming pool and we are awaiting word from the Community Centre. The classes will begin as soon as the pool is ready.*



Ba mhaith liom a mheabhrú do thuismitheoirí nach bhfuil cead tiomáint isteach trí gheataí Áras Chrónáin. Caithfear na páistí a shiúl isteach tríd an ngeata siúlóide ar thaobh an phríomhgheata. Agus tuistí ag bailiú páistí is féidir teacht isteach sa chlós agus iad a bhailiú nuair a thagann siad amach ó na seomraí.

*I would like to remind parents that Muintir Chrónáin have instructed us that cars are not permitted through the gates of Áras Chrónáin. Children may be walked through the pedestrian gate beside the main gate or through the gate at the back of the Áras from Orchard Road. When parents are collecting their children please wait in the schoolyard and collect them when they come out from the classrooms.*



Tá an-chuid cainte na laethanta seo faoin mbia a thugar dár bpáistí le hithe. Mar is eol daoibh tá polasaí lóin shláintiúil againn i nGaelscoil na Camóige le fada an lá. **Níl cead ag páistí aon bhia nó deoch nach bhfuil sláintiúil a thabhairt ar scoil.** Níl cead acu aon chnónna a thabhairt isteach ach an oiread. Seo liosta den bhia nach bhfuil ceadaithe. Má tá tú amhrasach faoi aon rud eile labhair leis an oifig nó an Múinteoir Ranga le do thoil.

*There is a lot of talk these days about what we are feeding our children. At Gaelscoil na Camóige we have a successful healthy lunch policy in operation for some years now. **Children are only permitted to bring drinks and foods to school that are healthy. Food containing nuts are also not permitted.** If you are unsure of any foods please do not hesitate to check with the office or with the class teacher. Below is a list of foods that are not permitted.*

- Barraí gránaigh / Cereal bars
- Briosaí d'aon saghas/Biscuits of any type
- Píotsa / Pizza
- Muifíní / Muffins
- Glóthach/ Jelly
- Criospaí/crisps, pretzals, poparbhar / popcorn
- Fruit winders
- Croissants
- Rollóg ispíní/sausage rolls
- Ispíní/sausages
- Dairylea lunchables/ Dairylea Dunkers
- Seacláid/Chocolate
- Milseáin/sweets
- Muller corners le seacláid/Muller corners with chocolate
- Cnónna/nuts
- Leathán seacláide/chocolate spread
- Deochanna súilíneach/fizzy drinks
- Sunny D/ Capri Sun

#### Meastóireacht Scoile Uile/ Whole School Evaluation

Breathnaigh ar suíomh na scoile [www.gaelscoilnacamoige.ie](http://www.gaelscoilnacamoige.ie) leis an Tuairisc, Freagra agus Plean Gnímh Gaelscoil na Camóige a fheiceáil.

*Please see the School Report, Response and Action Plan for Gaelscoil na Camóige on our website [www.gaelscoilnacamoige.ie](http://www.gaelscoilnacamoige.ie).*



Iarrann ár n-árachasóir orainn a mheabhrú do thuismitheoirí go dtosnaíonn an scoil ag a 8.50 a.m. agus go gcríochnaímid ag a 1.30p.m. do na naíonáin agus 2.30p.m. do na ranganna eile. Ní féidir leis an scoil a bheith freagrach as na páistí taobh amuigh de na hamanna seo. Iarraimid ar thuismitheoirí na páistí a fhágáil ar scoil in am agus iad a bhailiú ón scoil in am ag deireadh an lae.

*Our insurers ask us to remind parents that the school opens at 8.50 a.m. and finishes at 1.30 p.m. for infants and 2.30 p.m. for all other classes. The school cannot be responsible for children outside of these times. I would ask all parents to be punctual in leaving the children to school in the morning and collecting them in the afternoon.*

#### Múinteoirí Scoile

- Na Naíonáin Bheaga – an Múinteoir Donncha agus an Múinteoir Eimear

- Na Naíonáin Mhóra- an Múinteoir Sharon agus an Múinteoir Sinéad Ní Dhurcáin
- Rang a 1- an Múinteoir Lorna
- Rang a 2- an Múinteoir Olivia
- Rang a 3- an Múinteoir Sinéad Nic Aonghusa
- Rang a 4- an Múinteoir Sandra
- Rang a 5 – an Múinteoir Clíodhna
- Rang a 6- an Múinteoir Bríd
- An Tacaíocht Foghlama agus Acmhainne –an Múinteoir Oisín Uíbh Eachach agus an Múinteoir Laura

De réir an cúrsa tinrimh atá againn sa scoil bíonn orainn an leabhar rolla a líonadh ag a 10:00. Aon duine atá istigh tar éis an ama seo beidh siad as láthair ar an lá sin. *Due to the computerised roll books that we use the roll must be called at 10:00 every morning. Any children who arrive later than this time are marked absent on the roll.*

Sa chaoi is nach mbeidh éadaí srl. cailte ag na páistí cuirigí a n-ainmneacha ar gach aon rud a thógann siad ar scoil. *To avoid lost clothing etc. please put your child's name on everything that s/he brings to school.*

### An Cód Iompair

Féach ar an suíomh scoile ar an gcód iompair scoile.  
*Please see the school website for the school's code of conduct.*



### Clár Ama na Naíonán Beag/Junior Infant Timetable

*Dé Luan/ Monday 4/09/17 go dtí Dé hAoine Friday 15/09/17 8.50a.m -12.00a.m*

**An chuid eile den bhliain ag tosú an 18/09/2017**

*The rest of the year from 18/09/2017 - 8.50a.m.-1.30p.m.*



Beidh na ceachtanna don fheadóg stáin ag tosú Dé Máirt, an 19 Meán Fómhair. Beidh ceacht acu gach dara seachtain. Beidh Rang a 1, 2 agus a 3 ag tosú Dé Máirt, an 19 Meán Fómhair, agus Rang a 4, 5, 6 ag tosú Dé Máirt, an 26 Meán Fómhair. Bígí cinnte

de go bhfuil na feadóga acu sna málaí scoile gach Máirt go háirithe le bhur dtoil. Beidh an grúpa ceoil ag tosú go luath freisin.

*Tin whistle classes will recommence Tuesday 19<sup>th</sup> September. The children will have lessons every second week for the year. 1<sup>st</sup>, 2<sup>nd</sup> and 3<sup>rd</sup> Class will start on the 19<sup>th</sup> and 4<sup>th</sup>, 5<sup>th</sup> and 6<sup>th</sup> Class will start the following Tuesday, September 26<sup>th</sup>. Please ensure that the children have their tin whistles every Tuesday. The grúpa ceoil will be starting again soon also.*

### **Ranganna Fidile**

Beidh Ranganna Fidil ag tosú ar ais do pháistí R1-R6 ar an Mháirt an 19 Meán Fómhair. Beidh ranganna do pháistí nua ar siúl ó 1.30-2.00pm agus ó 2.30-3.30pm do na páistí a bhí ag freastal ar na ranganna roimhe seo.

*Fiddle Classes for 1<sup>st</sup>-6<sup>th</sup> Class will begin on Tuesday 19<sup>th</sup> September. Classes for beginners at 1.30-2.00pm. Classes for children who have attended already, 2.30-3.30pm. The price is yet to be confirmed, as it depends on numbers.*

### **Ranganna Giotáir**

Beidh ranganna giotáir ar siúl gach Máirt agus Céadaoin ó 2.30-3.30pm ag tosú an 19 Meán Fómhair. Beidh ranganna do pháistí nua ar siúl ar an Mháirt agus ranganna ar an gCéadaoin do na páistí a bhí ag freastal ar na ranganna giotáir roimhe seo.

Beidh costas €7 in aghaidh an cheachta go dtí an Nollaig. Sé sin €90 don téarma.

Má tá suim ag do pháiste (Rang 1-6) tús a chur le ranganna giotáir is féidir labhairt le Stiofán i Seomra na Naíonán Beag ag 2.30pm ar an 19 Meán Fómhair. Caithfear an t-airgead a íoc díreach go Stiofán. Ná híoc an t-airgead leis an scoil.

*Guitar lessons with Múinteoir Stiofán will begin on Tuesday the 19<sup>th</sup> September. The classes will run as follows: Every Tuesday 2.30pm-3.30pm for beginners. Every Wednesday 2.30pm-3.30pm for children who attended classes already. The cost is €7 per class, that is €90 for the term.*

*If your child is interested in Guitar Lessons this year, parents and children Rang 1-6 must meet with Múinteoir Stiofán in the Junior Infant classroom at 2.30p.m. on September 19<sup>th</sup>. Please pay directly to Stiofán. Do not pay the school for Guitar lessons.*



Beidh traenáil peile ag tosú go luath. Beidh a thuilleadh eolais ag Donncha. Cuirfear tús leis an Iomáint/Chamógaíocht/Trastíre i ndiaidh na Nollag. Beidh traenáil lúthchleasaíochta ag deireadh na bliana. Bliain iontach spóirt os ár gcomhair táim cinnte! Coinnigh súil amach do litreacha faoi thraenáil srl.

*Football training will be starting soon. More information to follow. Hurling/Camogie/Cross country training will start after Christmas and athletics training will begin in Term 3. Keep an eye out for notes in relation to training etc. I am sure that a great year of Sports is ahead of us!*

### **Bord Bainistíochta na Scoile reatha/ Our School Board of Management members:**



An Cathaoirleach/ *The Chairperson*: Barra Ó Caoinleáin

An Príomhoide/ *The Principal*: Aoife Ní Raghallaigh

Ionadaí an Phatrúin/ *Patrons' Representative*: Sean Ó Cearnaigh  
Ionadaithe Tuismitheoirí/ *Parents' Representative*: Caimin Keane & Sarah-Jane Carey  
Ionadaí Múinteora/ *Teachers' Representative* : Eimear Billings  
Ionadaithe an Phobail/ *Community Representative*: Pól Mac Reachtain & Jackie Uí Dhulaing

### **Club Oibre Baile**

Beidh an Club Oibre Baile ag tosú Dé Luain seo chugainn, an 11 Meán Fómhair óna 2:30 - 3:30. A thuilleadh eolais ag teacht ón Múinteoir Sinéad.

*The Homework Club will be starting next Monday, September 11<sup>th</sup>. More information to follow from Múinteoir Sinéad.*

Má tá tú ag iarraidh labhairt le do pháiste nó leis an múinteoir téigh chuig an oifig nó seol nóta isteach chuig an múinteoir i dtús báire le bhur dtoil. Bíonn na múinteoirí lán-sásta bualadh le haon tuismitheoir nuair a bhíonn am cuí eagraithe acu.

*If you wish to speak to your child or the class teacher, please ensure that you report to the office first or send a note in to the class teacher. The teachers are always very willing to meet with parents at a suitable time that does not disrupt class time.*

### **Obair Bhaile**

Mar is eol daoibh tá sé fíor-thábhachtach go dtugtar lán-tacaíocht do na páistí agus iad i mbun na hoibre baile ó thús na bliana amach. Seans go mbeidh cabhair ag teastáil uathu agus iad ag iarraidh socrú isteach i ndiaidh na laethanta saoire. Déanaigí cinnte de go bhfuil an obair bhaile sínithe ag tuismitheoir gach lá le bhur dtoil. Cabhróidh an tacaíocht seo go mór leis an Múinteoir Ranga agus le do pháiste.

*As you know, it is essential that the children are supported and encouraged when doing their homework. Children often require help from the beginning of the year to settle back and to get into the swing of things. Please ensure that the homework is signed and checked by a parent each night. This support will greatly help the class teacher and your child.*

### **Íoc ar líne/ Pay online**

Mar is eol daoibh is féidir le tuismitheoirí na scoile íocaíocht a dhéanamh leis an scoil ar líne anois. Tá na sonraí seo a leanas ag teastáil

Iban: IE96 AIBK9335 1105 8772 99

BIC: AIBKIE2D

Nuair atá tú ar líne gliogáil ar Add Payee, líon isteach an t-eolas agus is féidir do bhíllí a íoc díreach isteach i gcuntas na scoile. Ná déan dearmad ainm/rang do pháiste a chur sna sonraí m.sh. Seán Ó Broin R3. Má theastaíonn uait eolas breise a thabhairt is féidir ríomhphost a sheoladh chuig [gncamoige@gmail.com](mailto:gncamoige@gmail.com).

*In order to pay your school bill online, the following information is needed.*

*Iban: IE96 AIBK9335 1105 8772 99*

**BIC: AIBKIE2D**

*When banking online, click Add Payee, fill in these details and you can pay directly into the school account.*

*Please ensure that you fill in your Child's name and Class on the account e.g Seán Ó Broin R3. If you need to clarify what the payment is for please send an email to [gncamoige@gmail.com](mailto:gncamoige@gmail.com)*

### **An Clós/ Yard**

*Mar is eol daoibh tá córas againn áit go mbogann na daoine fásta uilig siar go dtí barr an chlóis ag a 8.50am. Ligeann sé seo do na páistí tús ciúin, freagrach a chur leis an lá agus is féidir leo siúl go breá i dtreo na seomraí ranga. Go raibh maith agaibh as ucht bhur dtacaíochta. Níl madraí ceadaithe ar an gclós.*

*As you are aware there is an arrangement in place where all adults move to the top of the yard when the bell rings at 8.50am. This allows the children to begin the day quietly and independently. The children can also walk freely and safely to their classrooms. Many thanks for your support.*

*Dogs, except Guide dogs, are not permitted on the school yard.*

*Aoife Ní Raghallaigh  
Príomhoide*

### **CAIRDE**

*Dia daoibh agus fáilte romhaibh ar ais ar scoil! We hope that all the children are settling into the new school year, especially our new Naíonáin Bheaga daltaí. We are looking forward to a great year, and building on the great work carried out last year by our outgoing committee members, Amanda, Tracey and Maeve. Thanks so much for all their hard work.*

*We have been asked a few times since the new term began, who is Cairde, and what do they do? The simple answer is that Cairde is the parents association of Gaelscoil na Camoige, so Cairde is every single parent whose child attends the school. Cairde, as you know, means friends, and that's what we are. Mary, Fiona and Jeff are the friends who get things started, but we can't make any of our endeavours a success without your support. Every penny you donate and every hour of your time offered helps make our school a better place for our children, allowing Aoife and the teachers to provide more resources for the kids. And getting involved is also great fun, and a great way to meet other parents! Remember, it's not just Mammies we need, Dads are appreciated too!*

*So we fundraise, and hope to have a timetable of the terms fundraising events for you shortly. The school is hoping to move to a brilliant new campus in the future, which will include a state of the art astroturf pitch. This will be a great resource for our school, and Gaelscoil Cluain Dolcain, and even our whole village. Sport has always been a great way to encourage team and school spirit, even for the kids who don't play themselves. We have non-sporty kids ourselves, and they are always so happy to watch our school team, and feel pride in our school.*

Mary, Fiona and Jeff are always available to answer your questions on the yard, and offer support when we can. We have a great school community, so always reach out with your queries and ideas. We are in the process of setting up a class rep system too, to make it even easier to communicate with other parents from your child's class.

We will hold Cairde meetings approximately once a month, alternating between mornings and evenings, so that working parents can attend. It's a great way to find out about what is going on, and there's a cup of tea or coffee, and a biscuit in it! Our first meeting is scheduled for Wednesday 13th at 9am in the Áras. And if you have smallies, Bring them along they are very welcome.

So that's about it. Cairde is a great way to get involved, however much or little you like, to communicate with other parents, and have a bit of fun. We have a closed Facebook group, where we post updates on school events, and other information, so please do join us there. (<https://www.facebook.com/groups/1777715419154361/>)

Go raibh maith agaibh!

Mary, Fiona agus Jeff